Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

## *Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2016*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*
## *Ardleibhéal*
## *Roinn A (60 marc)*

**Dé Céadaoin, 22 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2:00 - 5:00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**

ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**
- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**
- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**
- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

**Scrúduimhir:** 

# **ROINN A – Croíréimsí Staidéir** – Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo.


**A-1.** Taispeánann na híomhánna thíos mionsonraí scáth cuar miotail as foireann soilse tráchta.


Tá an scáth bunaithe ar shorcóir atá barrscoite agus é deilbhithe mar a thaispeántar.

Taispeánann an líníocht taobhchló ciorclach agus ingearchló an scátha. Tá forbairt dromchla neamhchríochnaithe an scátha teilgthe taobh thíos den ingearchló.

**(a)** Críochnaigh an fhorbairt dromchla.

**(b)** Taispeántar pointe P, ar dhromchla an tsorcóra, san ingearchló. Marcáil an pointe sin sa taobhchló agus ar an bhforbairt dromchla.








**A-3.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos peann luaidhe i bhfoirm priosma rialta. Nuair a chuirtear barr cónúil ar an bpeann luaidhe le bioróir, déantar sraith cuar hipearbólóideach gar do bharr an phinn luaidhe mar a thaispeántar.

Taispeánann an líníocht ar dheis an ais **$AA_1$**, an treoirlíne **$DD_1$** agus fócas **F** do hipearbóil amháin dá leithéid. Tá éalárnacht de 3:2 ag an hipearbóil.

**(a)** Aimsigh suíomh na rinne agus tarraing cuid den hipearbóil. *(**Nóta**: Ní gá ach géag amháin den hipearbóil a tharraingt.)*

**(b)** Aimsigh suíomh phointe P ar an gcuar atá 60mm ón bhfócas agus tóg tadhlaí leis an gcuar ag an bpointe P.







**A-2.** Taispeánann an íomhá thíos léiriú barraghraif ar smeach-chairt pháipéir. Taispeánann an líníocht ar dheis bonnchló agus ingearchló neamhchríochnaithe barraghraif agus smeach-chairte dá leithéid.

**(a)** Críochnaigh ingearchló na smeach-chairte agus an bharraghraif.

**(b)** Déan amach fíorchlaonadh an trasnáin **AB** leis an bplána cothrománach.





**A-4.** Taispeánann an íomhá thíos an struchtúr *Atomium*, sa Bhruiséil, atá bunaithe ar chiúb claonta.

Taispeánann an líníocht ar dheis na teilgin neamhchríochnaithe de chiúb claonta dá leithéid.

**(a)** Críochnaigh ingearchló an chiúib.

**(b)** Tarraing bonnchló agus ingearchló an sféir is lú a d'fhéadfadh an ciúb a choinneáil.







**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe - Ní mór do scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh.**

**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomhairde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**

*(Scála 1:100)*



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2016***

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*
## *Ardleibhéal*
## *Roinn B agus Roinn C (180 marc)*

**Dé Céadaoin, 22 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2:00 - 5:00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

| | |
|---|---|
| **ROINN A** | • Cuirtear ceithre cheist i láthair.<br>• Freagair **trí cheist ar bith** ar an scrúdpháipéar A3 a ghabhann leis seo.<br>• Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A. |
| **ROINN B** | • Cuirtear trí cheist i láthair.<br>• Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.<br>• Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B. |
| **ROINN C** | • Cuirtear cúig cheist i láthair.<br>• Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.<br>• Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C. |

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá tugtha ar Roinn A agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

# ROINN B - Croíréimsí Staidéir


Freagair **dhá cheist ar bith** as an roinn seo ar pháipéar líníochta.

**B-1.** Taispeánann an íomhá ar dheis bialann atá comhdhéanta de shraith de dhromchlaí trasnacha triantánacha gloine.




Taispeánann Fíor B-1 bonnchló agus ingearchló ceithre cinn de phlánaí trasnacha dá leithéid.

Tugtar freisin sonraí a bhaineann le comhordanáidí cothrománacha agus ceartingearacha na bpointí A, B, C, D, E agus F, a shainíonn na ceithre phlána.




| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| A: | 130 | --- | 40 | --- | 80 |
| B: | 160 | --- | 85 | --- | 35 |
| C: | 100 | --- | 85 | --- | 35 |
| D: | 180 | --- | 30 | --- | 75 |
| E: | 210 | --- | 70 | --- | 25 |
| F: | 230 | --- | ? | --- | 55 |

**Fíor B-1**

**(a)** Tarraing an plean a thugtar de na ceithre phlána thriantánacha agus críochnaigh ingearchló na bplánaí trasnacha **ABC**, **ABD** agus **DEB**.

**(b)** Aimsigh an uillinn dhéhéidreach idir na plánaí **ABC** agus **ABD**.

**(c)** Tarraing ingearchló agus bonnchló líne cothrománaí ar an dromchla **DEB** agus ansin aimsigh fíorchlaonadh dhromchla **DEB** leis an bplána cothrománach.

**(d)** 170° atá san uillinn dhéhéidreach idir na plánaí **DEB** agus **DEF**.
Críochnaigh teilgin an dromchla **DEF**.

**Scála 1:1**

**B-2.** Taispeánann an íomhá ar dheis óstán ar bhruach na Sionainne i Luimneach. Taispeántar dhá chló de mhionsamhail ailtireachta de struchtúr dá leithéid sna grafaicí 3D thíos. Tugtar teilgin imlíne an struchtúir i bhFíor B-2.



Tá an plean bunaithe ar éilips, a léiríonn traidisiún rugbaí na cathrach. Tá barr an struchtúir parabóileach, mar a chuirtear in iúl leis an gcuar **ABC** san ingearchló. Is é **B** rinn na parabóile. Tá taobh amháin den struchtúr deilbhithe chun dromchla comhréidh ceartingearach a dhéanamh mar a thaispeántar.

**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar den struchtúr.


**(b)** Teilg taobhchló sa treo ina bhfuil an tsaighead E.


**(c)** Tá gné ailtireachta, i bhfoirm banda cruach, le tógáil thart timpeall ar an taobh amuigh den struchtúr mar a thaispeántar sna grafaicí 3D.

Is iad VT agus HT rianta an phlána chlaonta gearrtha a úsáidtear chun suíomh agus cruth an bhanda cruach a shainiú. Aimsigh fíorchruth an trasnaithe idir an struchtúr agus an plána claonta gearrtha seo.

***Nóta:*** *Ní gá an banda cruach a thaispeáint sa bhonnchló ná san ingearchló. Is é an fíorchruth amháin atá riachtanach.*

**Scála 1:100**



**Fíor B-2**

**B-3** Taispeánann an íomhá ar dheis dealbhóireacht i gCathair Saidhbhín, Co. Chiarraí, a cheiliúrann eachtraí farraige Bhreandáin Loingseoir.

Taispeántar bonnchló agus ingearchló mionsamhail de chuid den dealbhóireacht i bhFíor B-3(a) ar clé thíos.

Sa bhonnchló, is stuanna dar ga 90mm iad na cuair **BCD** agus **BAD** mar a thaispeántar.

Chun an mhionsamhail a ghiniúint, rothlaítear an phróifíl **ABC** trí 360° timpeall ar an ais **AC** i dtosach. Ansin, chun an struchtúr a chríochnú, baintear an bharrchuid, **EFGH**, de mar a thaispeántar san ingearchló. Taispeántar sin sa chló 3D i bhFíor B-3(b) ar dheis thíos freisin.




**(a)** Tarraing an t-ingearchló a thugtar.

**(b)** Tarraing na stuanna **BCD** agus **BAD** sa bonnchló.


**(c)** Agus trasghearrthacha ceartingearacha á n-úsáid agat, nó ar mhodh ar bith eile, tarraing an cuar inmheánach sa bhonnchló mar a thaispeántar.

**(d)** Tá an dealbhóireacht ar iompar ag ocht gcos mar a thaispeántar san íomhá thuas. Seasann $\mathbf{L_1}$ agus $\mathbf{L_2}$ do dhá cheann de na cosa. Tarraing bonnchló agus ingearchló an dá chos agus taispeáin na tógálacha is gá chun na pointí treáite a aimsiú.

**Scála 1:1**




**Fíor B-3(a)**




**Fíor B-3(b)**

# ROINN C - Grafaic Fheidhmeach

Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) as an roinn seo ar pháipéar líníochta.

## Céimseata Gheolaíoch



**C-1.** **(a)** Ar an léarscáil atá leis seo agus atá ar fáil ar leathanach cúil Roinn A, taispeántar plean de ghairdín a bhfuil linn snámha ann, cosúil leis an gceann san íomhá ar dheis. Tá na comhrianta talún **1 mhéadar** ó chéile go ceartingearach.

Ar an léarscáil, is é **ABCD** ciumhais na linne agus tá sí leibhéalta ar airde 5m.

Agus taobhfhánaí 1 in 1 á n-úsáid agat do na gearrthacha agus do na claífoirt, taispeáin na hoibreacha talún atá riachtanach do chiumhais thoir na linne.

***N.B.:*** Scála **1:100**

***Nóta:*** *Tá na hoibreacha talún idir **A** agus **B** críochnaithe cheana féin duit.*

**(b)** Is é **DE** an chiumhais ar chosán claonta.
Ag **D**, tá an cosán ag airde 5m agus titeann sé go haonfhoirmeach go dtí airde 4m ag **E**.

Agus úsáid á baint agat as na taobhfhánaí céanna agus atá thuas, taispeáin na créfoirt (gearrthacha) atá riachtanach do chiumhais thuaidh an chosáin.

**(c)** Tá leac urláir na linne claonta agus í ar tiús aonfhoirmeach ar an taobh ó dheas.
Is dhá phointe ar an urlár iad **R** agus **S** agus tá siad ag airde 4m agus 3m faoi seach.
Léiríonn tollpholl ceartingearach ag **S** an bundromchla ar leac urláir na linne ag airde 1.5m.
Is é treoíocht an urláir ná ó thuaidh 55° soir, mar a chuirtear in iúl leis an líne **L**.

Aimsigh claonas agus tiús leac an urláir.

**(d)** Tá ceithre chéim isteach sa linn mar a thaispeántar. Tá an bharrchéim leibhéalta ag airde 4.8m.
Sa spás atá curtha ar fáil, tarraing an gearradh ceartingearach (próifíl) trí na céimeanna agus an leac urláir ar feadh na líne **PS**. Taispeáin na céimeanna agus iad ar aon airde.

***Nóta:*** *Tá an bharrchéim, **PQ**, tarraingthe cheana féin duit agus seasann $P_1Q_1$ di i gcló an ghearrtha.*

# Foirmeacha Struchtúracha

**C-2.** Taispeánann an íomhá ar dheis foirgneamh ísealfhuinnimh atá le tógáil in Abu Dhabi.
Tá sraith túr iompair san áireamh sa dearadh ailtireachta.

Tá gach túr bunaithe ar leath-hipearbólóideach imrothlaithe, le sorcóir barrscoite ar a bharr, mar a thaispeántar.

Taispeánann Fíor C-2 bonnchló, ingearchló agus taobhchló ceann de na túir. Tugtar cló pictiúrtha freisin.


**(a)** Tarraing an bonnchló den túr a thugtar agus teilg an t-ingearchló mar a thaispeántar.

**(b)** Teilg taobhchló den túr mar a thaispeántar.

**(c)** Aimsigh suíomhanna an phointe fócais agus an treoirlíne do ghéag amháin den hipearbóil san ingearchló.



**Scála 1:100**




**Fíor C-2**

# Céimseata Dhromchla

**C-3.** Taispeánann an íomhá ar dheis pacáiste le haghaidh *pónairí glóthaí*. Is é atá sa phacáiste ná idirphíosa cairtchláir a nascann bonn cearnógach le barr ciorclach. Baintear úsáid as triantánacht chun an t-athrú sin a dhéanamh, mar a thaispeántar.




Taispeánann Fíor C-3(a) bonnchló agus ingearchló an phacáiste agus taispeánann sé freisin na ranna triantánacha. Tugtar páirtfhorbairt dromchla den idirphíosa triantánaithe i bhFíor C-3(b).


**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar agus bíodh na heilimintí dronlíne ar na dromchlaí cuara san áireamh mar a thaispeántar.

**(b)** Tarraing fíorchruth dhromchla **ACE** agus aimsigh fíorfhad na heiliminte dronlíne **AF**, agus taispeáin na tógálacha riachtanacha go léir.


**(c)** Uaidh sin, tarraing an pháirtfhorbairt dromchla den idirphíosa a thugtar.

**(d)** Mar ghné dhearaidh, tá an bonn eangaithe chun pirimid a dhéanamh, mar a chuirtear in iúl leis na mionsonraí folaithe. Aimsigh an uillinn dhéhéidreach idir na dromchlaí triantánacha **ABC** agus **ABD**.

**Scála 1:1**




Fíor C-3(a)




Fíor C-3(b)

# Meicníochtaí Dinimiciúla

**C-4. (a)** Taispeánann an íomhá ar dheis dealbhóireacht atá suite ar mhótarbhealach an M4 i gCo. Chill Dara. Tá an dearadh bunaithe ar chiorcail chomhlárnacha agus ar bhís Airciméidéas.




Taispeántar dearadh cosúil leis i bhFíor C-4(a) thíos.

(i) Tarraing bís Airciméidéas a ghluaiseann ó phointe **A** go dtí pointe **B** in aon rothlú tuathal amháin. Tá 60mm i nga tosaigh na bíse agus 96mm sa gha deiridh mar a thaispeántar.

(ii) Críochnaigh líníocht na dealbhóireachta agus úsáid á baint agat as an eolas a thugtar.

**Scála 1:1**




**Fíor C-4(a)**



**(b)** Taispeánann an ghrafaic ar dheis trucail bhréagáin dumpála. Tugtar mionsonraí chúl na trucaile i bhFíor C-4(b) thíos.


Ina suíomh tosaigh, tá cabhail na trucaile claonta ar oscailt mar a thaispeántar. Ansin rothlaíonn cabhail na trucaile, ar luas tairiseach, thart timpeall ar phointe **A** trí uillinn 60° go dtí a suíomh cothrománach, mar a thaispeántar.

Casann an chomhla chúil **$TT_1$** thart timpeall ar an bpointe **T** agus fanann sí i suíomh ceartingearach i gcónaí.

Ag an am céanna, gluaiseann an trucail chun tosaigh, agus an roth **W** ag rolladh deiseal ar feadh **leath** de rothlú amháin.

Tarraing an imlíne den trucail a thugtar agus breac lócas phointe **$T_1$** don chomhghluaiseacht.

**Scála 1:1**




**Fíor C-4(b)**

# Cóimeálacha

**C-5.** I bhFíor C-5, tugtar mionsonraí *Brúiteoir Cannaí*. Tugtar liosta de na páirteanna thíos mar aon le grafaic 3D scartha den bhrúiteoir cannaí agus dá chuid comhpháirteanna.


**(a)** Tarraing ingearchló gearrtha ina lánmhéid ar A-A ina dtaispeántar na páirteanna agus iad cóimeáilte go hiomlán, an giall gluaisteach sa suíomh is airde agus na nascphlátaí (páirt 5) ceartingearach.




*(Mura ndeirtear a mhalairt, is 6mm atá i ngach filléad agus 1×1mm i ngach seaimféar. Tá na toisí neamhriachtanacha bainte as ar mhaithe le soiléire, agus is féidir meastachán a dhéanamh ar na toisí atá fágtha ar lár.)*

***Nóta:*** *Sa ghrafaic 3D, taispeántar dhá sprionga teannais atá riachtanach má tá an fheiste le hoibriú, ach is féidir iad a tharraingt i bhfoirm choinbhinsiúnach shimplithe.*

**(b)** Aimsigh, agus cuir in iúl ar do líníocht, uasuillinn rothlaithe pháirt **5** nuair a bhíonn an brúiteoir á úsáid.



**Fíor C-5**

| Páirt | Ainm | Líon |
|---|---|---|
| 1 | Bonn | 1 |
| 2 | Giall Gluaisteach | 1 |
| 3 | Colún Ceartingearach Sleamhnáin | 2 |
| 4 | Pláta Inse | 1 |
| 5 | Nascphláta | 2 |
| 6 | Hanla | 1 |
| 7 | Pionna Nascphláta Ø6mm | 2 |
| 8 | Pionna Géill Ghluaistigh Ø8mm | 1 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán